


Mianadóireacht i gContae an Chláir

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phlean mianadóireachta i gContae an Chláir. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre?



Ceist 2

Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

- | | |
|--------------------------|--|
| 1. feachtas | a. <i>minerals</i> |
| 2. Aire Comhshaoil | b. <i>public consultation</i> |
| 3. mianraí | c. <i>enough time</i> |
| 4. de dheasca | d. <i>as a consequence of</i> |
| 5. síneadh coicíse | e. <i>appealing</i> |
| 6. comhairliúchán poiblí | f. <i>campaign</i> |
| 7. aighneacht | g. <i>emergency resolution</i> |
| 8. ag achainí | h. <i>a fortnight extension</i> |
| 9. dóthain ama | i. <i>Minister for the Environment</i> |
| 10. rún éigeandála | j. <i>submission</i> |

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad a fuair an comhlacht cead a dhéanamh de réir an cheadúnais a thug an tAire Comhshaoil, Eamon Ryan, dó?
2. Cén fáth nach bhfuil na daoine ón gceantar beag tuaithe i gContae an Chláir sásta leis an gcinneadh a rinne an tAire an ceadúnas a thabhairt?
3. Cad atá an pobal beag tuaithe seo ag déanamh chun a mhíshástachta a chur in iúl?

4. Má thugann an tAire an ceadúnas don chomhlacht mianadóireacht a dhéanamh sa cheantar, cad a dhéanfaidh muintir na háite, de réir Christine O'Brien?
5. Cad a dúirt Cormac Ó Gráda faoin scéal?
6. Cén fáth a raibh comhairleoirí an Chontae ag gearán faoin am den bhliain a cuireadh an t-iarratas isteach?

Ceist 4 '...air...'

Is é an 3ú pearsa uatha den fhorainm réamhfhoclach 'ar' é an focal 'air'. Líon na bearnaí sa bhosca chun gach pearsa de na forainmneacha réamhfhoclacha thíos a léiriú.

	1ú uatha	2ú uatha	3ú uatha (fir.)	3ú uatha (bn.)	1ú iolra	2ú iolra	3ú iolra
ar							
ag							
de							
do							

Ceist 5 Féach ar an mír arís agus aimsigh na leaganacha de gach briathar thíos a bhí le cloisteáil inti. Mar shampla:

Meas: a mheas – an t-ainm briathartha

Tabhair:

Faigh:

Beartaigh:

Cuir:

Sínigh:

Léirigh:

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhainfeadh le mianadóireacht a dhéanamh i gContae an Chláir?
2. An gcaitheann tú féin seodra? Cé acu is fhearr leat – ór nó airgead?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	i	a	d	h	b	j	e	c	g

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

	1ú uatha	2ú uatha	3ú uatha (fir.)	3ú uatha (bn.)	1ú iolra	2ú iolra	3ú iolra
ar	orm	ort	air	uirthi	orainn	oraibh	orthu
ag	agam	agat	aige	aice	againn	agaibh	acu
de	díom	díot	de	di	dínn	díbh	díobh
do	dom	duit	dó	di	dúinn	daoibh	dóibh

Ceist 5

Tabhair: tugtha – an aidiacht bhriathartha
le tabhairt / a thabhairt – an t-ainm briathartha
tugadh – saorbhriathar, an aimsir chaite
má thugann – an aimsir láithreach

Faigh: fuair – an aimsir chaite

Beartaigh: beartaithe – an aidiacht bhriathartha

Cuir: cur – an t-ainm briathartha
a cuireadh – saorbhriathar, an aimsir chaite
curtha – an aidiacht bhriathartha

Sínigh: a shíniú – an t-ainm briathartha

Léirigh: léiríodh – saorbhriathar, an aimsir chaite

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha

Bhur gcéad fáilte thar n-ais tráthnóna. Tá feachtas pobail tosnaithe¹ in oirthear Chontae an Chláir i gcoinne plean mianadóireachta sa cheantar. Bhí sé tugtha le fios ag an Aire Comhshaoil, Eamon Ryan, go raibh ceadúnas le tabhairt do chomhlacht chun dul i mbun cuardaigh sa dúthaigh² do mhianraí agus ór. Ach de dheasca míshástacht áitiúil, tá síneadh coicíse tugtha anois ag an Roinn chun dul i mbun próiseas comhairliúcháin phoiblí.

Tomás Ó Mainnín

In aice an Tulach (na Tulaí) in oirthear Chontae an Chláir atá Christine O'Brien i mbun feirmeoireachta.

I'm originally from Western Australia, but I'm here twenty years now in Ardboula, Tulla.

Tomás Ó Mainnín

Díreach roimis³ na Nollag⁴ a fuair sí amach go raibh sé beartaithe ag an Roinn Comhshaoil, ceadúnas a thabhairt do chomhlacht chun dul i mbun cuardaigh anseo do mhianraí, ina measc sin, ór agus airgead. Tugadh go dtí an naoú lá d'Eanáir don bpobal⁵ chun cur i gcoinne an cheadúnais. Ach tá fearg i measc an phobail faoin bplean, agus anois tá feachtas polaitiúil agus poiblí tosnaithe i gcoinne na bpleananna sin.

I gceantar beag tuaithe, tá nach mór dhá mhíle duine tar éis aighneacht a shíniú ag achainí ar an Aire Comhshaoil cúlú ar a chinneadh ceadúnas a thabhairt.

Everybody I've spoken to is in objection, is in objection to it going ahead and...

Tomás Ó Mainnín

Dúirt Christine O'Brien, fiú má thugann an tAire an ceadúnas anois, go bhféadfadh nach scaoilfeadh an pobal lucht cuardaithe na mianraí isteach ar a gcuid talún.

I don't think so. I think that there will be widespread opposition to it.

Cormac Ó Gráda, An Scairbh

Táimid an-neirbhíseach ó thaobh an phlean sin mar níl a lán ama againn chun na fadhbanna a phlé.

Tomás Ó Mainnín

An tseachtain seo i gcruinniú de chuid chomhairleoirí Chontae an Chláir, léiríodh míshástacht leis an dtráth bliana a cuireadh an t-iarratas seo chun cinn. Dúradh go raibh formhór den bpobal dírithe ar thréimhse na Nollag agus nach raibh a dhóthain ama ann don bpobal chun an t-iarratas féin a mheas agus a phlé eatarthu féin. Thacaigh formhór na gcomhairleoirí le rún éigeandála go n-iarrfaí ar an Aire diúltú don gceadúnas. Tá síneadh go dtí an fichiú tríú lá d'Eanáir curtha leis an dtréimhse comhairliúcháin phoiblí.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4, in oirthear Chontae an Chláir.

¹ leagan canúnach de *tosaithe*

² leagan canúnach de *dúiche*

³ leagan canúnach de *roimhe*

⁴ *roimh an Nollaig* an leagan canúnach

⁵ Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.